Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Bealtaine 2024
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0028(COD)**

**8965/1/24**
**REV 1**

**CODEC 1116**
**POLCOM 160**
**COEST 255**
**AGRI 350**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le bearta um léirscaoileadh trádála sealadach lena bhforlíontar na lamháltais trádála is infheidhme i dtaca le táirgí na hÚcráine faoin gComhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 31 Eanáir 2024, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 207(2) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. An 23 Aibreán 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún[2]. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh an Chomhairle in ann glacadh leis.

[1] 5998/24.
[2] 8856/24.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid a leanas a dhéanamh:

– a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE- CONS 59/24 é agus an ráiteas ón gComhairle, mar a leagtar amach in Aguisín 2 leis an nóta seo, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, agus an Ungáir, an Pholainn agus an tSlóvaic ag vótáil ina choinne agus an Bhulgáir ag staonadh ón vótáil;

– a chinneadh go bhfoilseofar an ráiteas atá in Aguisín 1 i Sraith C in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

4. Leagtar amach na dearbhuithe le haghaidh na miontuairiscí ón gcruinniú den Chomhairle in Aguisíní 1 agus 2 a ghabhann leis an nóta seo.

5. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.